Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10658 – NORSK HYDRO / ALUMETAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 208/05)

1. An 13 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Norsk Hydro ASA ("Hydro", an Iorua),

— Alumetal S.A. ("Alumetal", an Pholainn).

Gheobhaidh Hydro urlámhas aonair ar Alumetal ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí thairiscint phoiblí atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta alúmanaim iomlán comhtháite é Hydro, agus tá gníomhaíochtaí aici ar fud an tslabhra luacha alúmanaim idir bháicsít, alúmana agus giniúint fuinnimh agus táirgeadh alúmanaim phríomhúil, táirgí alúmanaim easbhrúite agus athchúrsáil alúmanaim. Go háirithe, táirgeann Hydro cóimhiotail theilgcheárta bunaithe go príomha ar alúmanaim príomhúil.

— Go príomha, is táirgeoir cóimhiotail theilgcheárta alúmanaim a tháirgtear go príomha ó alúmanam tánaisteach é Alumetal. Táirgeann Alumetal máistir-choímhiotail freisin, máistir-choímhiotail a úsáideann sé go hinmheánach agus a dhíolann sé le custaiméirí tríú páirtí freisin, lena n-áirítear Hydro.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10658 – NORSK HYDRO / ALUMETAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.